C/2024/1786

22.3.2024

P9_TA(2023)0314

# Treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2023 ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát (COM(2023)0599 – C9-0200/2023 – 2023/0173(NLE))**

**(Comhairliúchán)**

(C/2024/1786)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2023)0599),

— ag féachaint d'Airteagal 148(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0200/2023),

— ag féachaint do Riail 82 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A9-0241/2023),

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún;

2. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag Parlaimint na hEorpa;

3. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle leis an bParlaimint má tá sé ar intinn aici an téacs a d'fhormheas an Pharlaimint a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.